RFT-6

IARRATAS AR

ÚDARÚ MAR THÁSTÁLAÍ NUA RFT

nó ar leasú ar údarú láithreach mar thástálaí RFT

Tástáil Ródacmhainneachta um Fheithiclí Tráchtála
Commercial Vehicle Roadworthiness Testing

Cé dóibh an fhoirm iarratais seo

Is ceart do dhaoine a bhfuil údarú mar thástálaithe Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (RFT) á lorg acu de réir Alt 17 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012 agus do dhaoine a bhfuil leasú ar údarú mar Thástálaí RFT á lorg acu an fhoirm iarratais seo a chomhlánú.

Tá sé de cheangal ar gach iarratasóir freastal ar chúrsa ceadaithe oiliúna tástálaí RFT agus ní mór iad a bheith ainmnithe i leith na hoiliúna sin ag oibritheoir údaraithe tástála RFT. Ní mór don oibritheoir ainmniúcháin tástála RFT Cuid B den fhoirm seo a chomhlánú.

Conas an fhoirm seo a chomhlánú

Comhlánaigh an fhoirm ar do ríomhaire tríd an luch a chliceáil in aon réimse inar mian leat téacs a iontráil agus clóscríobh an iontráil ansin. (Ná húsáid an eochair TAB le linn an iontráil a dhéanamh.)

Chun tic a chur isteach i mbosca, bain úsáid as an spásbharra nó déan cléchliceáil ar an luch sa bhosca lena mbaineann. Scrios an téacs atá curtha isteach sa bhosca agat tríd an spásbharra a bhrú, ní trí chléchliceáil a dhéanamh.

Mar mhalairt ar an bhfoirm a chomhlánú ar an ríomhaire, priontáil an fhoirm agus comhlánaigh í de láimh **i ndúch dubh**, agus úsáid á baint as BLOCLITREACHA.

Tá dhá chuid san fhoirm seo:

Cuid A, atá le comhlánú ag an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar údarú mar thástálaí RFT.	**Cuid B,** atá le comhlánú ag an oibritheoir údaraithe tástála RFT atá ag ainmniú an iarratasóra i ndáil le háit ar chúrsa oiliúna tástálaí RFT nó thar ceann an oibritheora sin.

Nuair atá an fhoirm comhlánaithe agat, priontáil í.

Ní mór don iarratasóir an dearbhú i gCuid A5 a shíniú.

Ní mór don oibritheoir ainmniúcháin tástála RFT Cuid B a chomhlánú agus a shíniú.

Seol an fhoirm iarratais seo chuig an seoladh seo a leanas, agus na doiciméid riachtanacha tacaíochta in éineacht léi:

Aonad Údaraithe RFT
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Teach Chluain Fearta
Sráid Bhríde
Baile Locha Riach, H62 ET93
Co. na Gaillimhe

Forchoimeádann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an ceart chun faisnéis bhreise a iarraidh ort maidir le d'iarratas.

Táillí i ndáil le húdarú mar thástálaí RFT

Ní ghearrtar aon táille ar iarratasóirí ar údarú mar thástálaí RFT.

Má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait maidir le comhlánú na foirme seo, is féidir leat:

- Cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (www.cvrt.ie)
- Teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Chustaiméara an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre le teileafón ag 1890 40 60 40 le linn gnáthuaire oifige
- Teagmháil a dhéanamh linn ar ríomhphost ag CVRauthorisations@rsa.ie

Seicliosta

Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin i gcás ina bhfuil siad comhlánaithe go hiomlán agus ina bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir in éineacht leo. Cuirfear iarratais neamhiomlána ar ais chuig an iarratasóir.

Cuir tic sna boscaí thíos chun a dheimhniú go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir iniata.

Grianghraf pas a tógadh le déanaí - féach Cuid A1.	☐
Cóip de d'Ardteastas Ceardaíochta, de do Theastas Náisiúnta Ceardaíochta nó de theastas coibhéiseach ó thír eile de réir leibhéal 6 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). **– nó–** Cóip de do Theastas Ceirde Sinsearach nó de do Thaifead Gnóthachtála ón Údarás Breisoideachais agus Oiliúna (SOLAS) ina dtaispeántar inniúlachtaí atá coibhéiseach leis na caighdeáin le haghaidh Teastas Náisiúnta Ceardaíochta. **– nó–** Maidir le cáilíochtaí ó thír eile, cóip den teastas a fuair tú, mar aon le haistriúchán más gá, AGUS de do Ráiteas ar Inchomparáideacht ó NARIC na hÉireann (ón láithreán gréasáin a óstálann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) (Féach Cuid A2).*	☐
Ráiteas ón iarratasóir ina leagtar amach na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus na hábhair choibhéiseacha faoi scéim Cheardaíocht Náisiúnta na hÉireann.	☐
Ráiteas ó d'fhostóir(í) reatha nó ó d'iarfhostóir(í) ina ndaingnítear do thaithí. Féach Cuid A3.	☐
Más infheidhme, Foirm Fógartha Ciontaithe agus í comhlánaithe agus sínithe. Féach Aguisín A.	☐

* Ní gá duit cóip de d'Ardteastas/de do Theastas Náisiúnta Ceardaíochta/de do Theastas Ceirde Sinsearach/de do Thaifead Gnóthachtála nó de theastas coibhéiseach (agus den ráiteas ar inchomparáideacht) ó thír eile a chur ar aghaidh ach amháin i gcás ina bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar údarú mar thástálaí Nua RFT.

Cosaint sonraí

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil gá leis an bhfaisnéis ar fad a iarrtar ar an bhfoirm seo chun próiseáil a dhéanamh ar d'iarratas ar údarú mar thástálaí RFT. Más rud é nach bhfreagraíonn tú aon cheann áirithe nó aon chinn áirithe de na ceisteanna atá ann san fhoirm iarratais ní bheifear in ann d'iarratas ar údarú a phróiseáil.

Déanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, nó a sholáthróirí seirbhíse, na mionsonraí atá leagtha amach i d'iarratas a phróiseáil d'aon toisc chun d'iarratas a phróiseáil agus, i gcás ina n-éiríonn le d'iarratas, chun bainistíocht a dhéanamh ar d'údarú mar thástálaí RFT nó de réir mar a cheadaítear a mhalairt le dlí lena n-áirítear aon úsáid nó nochtadh sonraí atá ceadaithe faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012, ach gan a bheith teoranta dó sin.

Próiseálfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do chuid mionsonraí de réir a chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoi Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Áiríonn sé sin gach beart réasúnach a dhéanamh, lena n-áirítear bearta cuí slándála de chineál teicniúil agus eagraíochtúil, chun sonraí pearsanta a chosaint.

Ina theannta sin, féadfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre sonraí pearsanta a nochtadh dá ghníomhairí, dá chonraitheoirí agus dá sholáthróirí seirbhíse an méid is gá le réasún chun na gcríoch a thuairiscítear thuas.

In imthosca áirithe agus faoi réir srianta áirithe, tá na cearta seo a leanas agat i ndáil le do chuid sonraí pearsanta:

- An ceart chun rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta
- An ceart chun a iarraidh go ndéanfar do chuid sonraí pearsanta a cheartú agus/nó a scriosadh
- An ceart chun úsáid do chuid sonraí pearsanta a shrianadh
- An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta
- An ceart 'go ndéanfaí ligean i ndearmad' in imthosca áirithe
- An ceart chun do chuid sonraí pearsanta a fháil, ar sonraí iad a bheith tugtha agat dúinn, agus iad a fháil i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag meaisín nó chun a chur de cheangal orainn na sonraí sin a tharchur chuig rialtóir eile.

Más mian leat leas a bhaint as aon cheann de na cearta sin, déan teagmháil linn, le do thoil, ag dataprotection@rsa.ie. Déileálfar le d'iarraidh gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de mhí amháin ón tráth a bhfaightear an iarraidh.

CUID A. LE COMHLÁNÚ AG AN IARRATASÓIR

A1. Mionsonraí pearsanta

Céadainm	
Sloinne	
Seoladh	
Dáta breithe	
Uimhir PPS	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir theileafóin	
Uimhir fóin póca	

Iarrtar ort grianghraf a tógadh le déanaí a chur le d'iarratas, agus é dar tomhas idir 35mm x 45mm agus 38mm x 50mm, agus do cheann agus do ghuaillí ar taispeáint ann, agus é a bheith go hiomlán de réir na gcaighdeán a bhaineann le gnéithe eile de ghrianghraif phas.

Cuir d'ainm, i mbloclitreacha, ar chúl an ghrianghraif.

Nóta: Má tá leasú ar údarú láithreach á lorg agat, cuir isteach d'Uimhir Údaraithe mar Thástálaí RFT anseo.	

A2. An t-údarú atá á lorg

Cuir tic sna boscaí thíos, le do thoil, chun a thaispeáint cad é/iad an cineál/na cineálacha feithicle a bhfuil údarú á iarraidh agat chun é/iad a thástáil.

Feithiclí Troma Tráchtála (HCV), lena n-áirítear feithiclí HGV agus PSV	☐
Feithiclí Éadroma Tráchtála (LCV) amháin (feithiclí beaga)	☐
Feithiclí Troma Tráchtála agus Feithiclí Éadroma Tráchtála araon (HCV agus LCV)	☐
Tarracóirí (feithiclí chatagóir T). Níl feidhm ag iarratais ar údarú chun tástálacha tarracóra (catagóir T) a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil údarú HCV tugtha le haghaidh bliain amháin ar a laghad roimh thosach an chúrsa oiliúna iomchuí leis an soláthróir oiliúna ainmnithe.	☐
Feithiclí a iompraíonn earraí contúirteacha (ADR) Níl feidhm ag iarratais ar údarú chun tástálacha ADR a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil údarú HCV tugtha le haghaidh bliain amháin ar a laghad roimh thosach an chúrsa oiliúna iomchuí leis an soláthróir oiliúna ainmnithe.	☐

A2. Cáilíochtaí

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar údarú chun **Feithiclí Éadroma Tráchtála** a thástáil, ní mór duit ceann amháin de na cáilíochtaí seo a leanas a bheith agat. Cuir tic sa bhosca chun a thaispeáint cén cháilíocht atá agat.

Ardteastas Ceardaíochta, Teastas Náisiúnta Ceardaíochta nó cáilíocht choibhéiseach ó thír eile de réir leibhéal 6 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) nó	☐

–nó–

Teastas Ceirde Sinsearach nó Taifead Gnóthachtála ón Údarás Breisoideachais agus Oiliúna (SOLAS) ina dtaispeántar inniúlachtaí atá coibhéiseach leis na caighdeáin le haghaidh Teastas Náisiúnta Ceardaíochta maidir le réimse scileanna Meicneora Feithicle Éadroime, HGV, Talmhaíochta nó Tógála.	☐

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar údarú chun **Feithiclí Troma Tráchtála** a thástáil, ní mór duit ceann amháin de na cáilíochtaí seo a leanas a bheith agat. Cuir tic sa bhosca chun a thaispeáint cén cháilíocht atá agat.

Ardteastas Ceardaíochta, Teastas Náisiúnta Ceardaíochta nó cáilíocht choibhéiseach ó thír eile de réir leibhéal 6 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).	☐

–nó–

Teastas Ceirde Sinsearach nó Taifead Gnóthachtála ón Údarás Breisoideachais agus Oiliúna (SOLAS) ina dtaispeántar inniúlachtaí atá coibhéiseach leis na caighdeáin le haghaidh Teastas Náisiúnta Ceardaíochta maidir le réimse scileanna meicneora HGV, Talmhaíochta nó Tógála.	☐

Maidir le daoine a bhfuil iarratas á ndéanamh acu ar leasú ar a n-údarú chun tástálacha ADR agus/nó tarracóra (catagóir T) a dhéanamh, ní mór dóibh a bheith údaraithe chun Feithiclí Troma Tráchtála a thástáil ar feadh bliain amháin ar a laghad roimh thosach a gcúrsa oiliúna iomchuí leis an soláthróir oiliúna ainmnithe.

Iarratasóirí a bhfuil cáilíocht Éireannach acu

Iarrtar ort teideal na cáilíochta atá agat, agus a chomhlíonann na ceanglais thuas, a shonrú.
Ní mór duit **cóip de theasta(i)s do cháilíochta(í)** a chur i gceangal leis an iarratas seo. Fióróidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do theastas mar chuid den mheasúnú ar d'iarratas.

Iarratasóirí a bhfuil cáilíocht acu ó thír eile

Más rud é go bhfuarthas do cháilíocht ó thír eile, téigh chuig láithreán gréasáin NARIC na hÉireann (www.naric.ie) áit ar féidir leat teacht ar fhaisnéis faoi aitheantas do cháilíochtaí coigríche. Ina theannta sin, is féidir leat Ráiteas ar Inchomparáideacht maidir le do cháilíocht a íoslódáil saor in aisce - tá an tseirbhís sin á hóstáil ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).
Iarrtar ort teideal na cáilíochta atá agat, agus a chomhlíonann na ceanglais thuas, a shonrú.
Ní mór duit **cóip de theastas do cháilíochta** a chur i gceangal leis an iarratas seo agus, ina theannta sin, ní mór duit na nithe seo a leanas a chur i gceangal leis: ■ Aistriúchán deimhnithe Béarla de theastas do cháilíochta (mura bhfuil an teastas sin i mBéarla) ■ Cóip de do Ráiteas ar Inchomparáideacht ■ Ráiteas ina leagtar amach na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus na hábhair choibhéiseacha faoi scéim Theastais Cheardaíochta Náisiúnta na hÉireann. Fióróidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do theastas, agus ná hítimí eile, mar chuid den athbhreithniú ar d'iarratas.

A3. Taithí

Ní mór duit fianaise a chur ar fáil ar thaithí dóthanach atá faighte **tar éis** do cháilíocht a fháil.

Iarratas chun tástáil a dhéanamh ar	**An taithí atá ag teastáil**
Feithiclí éadroma tráchtála amháin	Taithí oibre 12 mí ar a laghad ar dheisiú agus ar chothabháil feithiclí troma tráchtála tar éis an cháilíocht a bhaint amach.
Feithiclí troma tráchtála	Má bhaineann do thaithí le feithiclí éadroma tráchtála, taithí 18 mí ar a laghad ar dheisiú agus ar chothabháil feithiclí troma tráchtála tar éis an cháilíocht a bhaint amach Thairis sin, taithí oibre 12 mí ar a laghad ar dheisiú agus ar chothabháil feithiclí troma tráchtála tar éis an cháilíocht a bhaint amach.

Fianaise ar thaithí

Mar fhianaise ar do thaithí, ní mór duit **ráiteas a chur in éineacht le d'iarratas**, agus é sínithe ag d'fhostóir(í) reatha nó ag d'iarfhostóir(í), ar ráiteas é ina gcuimsítear na mionsonraí seo a leanas:

- Na cineálacha feithicle ar oibrigh tú orthu agus na gníomhaíochtaí cothabhála a rinne tú orthu;
- An fad ama a raibh tú ag gabháil do na dualgais sin.

Iarrtar ort freisin mionsonraí a thabhairt faoi do thaithí sa tábla thíos.

Ainm an Gharáiste/Fhostóra	**Tuairisc ar an obair**	**Na Cineálacha Feithicle a cothabháladh/deisíodh**	**An dáta tosaithe**	**An dáta críochnaithe**

Le linn d'iarratas a mheas, d'fhéadfadh sé go lorgóidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faisnéis bhreise maidir le do thaithí.

A4. An ceanglas maidir le duine oiriúnach cuí

Ní mór don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a bheith sásta go bhfuil iarratasóirí ina 'ndaoine oiriúnacha cuí' chun bheith ina dtástálaithe RFT.

Fógairt maidir le cionta sonraithe

Le linn iarratas a dhéanamh ar údarú mar thástálaí RFT ní mór don iarratasóir fógra a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i dtaobh ar ciontaíodh é nó í sa Stát nó in aon dlínse eile mar gheall ar chionta atá sonraithe in Alt 12(1) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012. Tá na cionta sin liostaithe in Aguisín A.

Beart	**Ceist**	**Tabhair freagra, le do thoil, trí thic a chur sna boscaí cuí thíos, agus lean ar aghaidh ansin mar a chuirtear in iúl.**	
1	Ar ciontaíodh tú riamh i gcion a shonraítear in Alt 12(1) d'Acht 2012?	Níor ciontaíodh ☐	Téigh ar aghaidh go dtí Roinn A5 (an chéad leathanach eile)
		Ciontaíodh ☐	Téigh ar aghaidh go dtí Céim 2 thíos.
2	An ndearnadh na mionsonraí faoin gciontú/faoi na ciontuithe sin GO LÉIR a thíolacadh don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre roimhe seo?	Rinneadh ☐	Téigh ar aghaidh go dtí Roinn A5 (an chéad leathanach eile)
		Ní dhearnadh ☐	Téigh ar aghaidh go dtí Céim 3 thíos.
3	Cuir **Fógra Fógartha Ciontaithe** comhlánaithe in éineacht le d'iarratas, is é sin, fógra fógartha ciontaithe maidir le gach cion sonraithe ar ciontaíodh tú ina leith (féach Aguisín A).		

RABHADH: Is cion coiriúil é gan fógra a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi chiontú den sórt sin, nó faisnéis a thabhairt don Údarás agus a fhios agat í a bheith bréagach nó míthreorach agus d'fhéadfadh sé gurb é a leanfaidh as sin ná go gcinnfidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre **nach duine oiriúnach cuí thú** chun údarú a shealbhú agus go ndiúltófar don iarratas.

A5. Dearbhú ón iarratasóir

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar údarú mar thástálaí RFT nó ar leasú ar údarú láithreach mar thástálaí RFT.

Tuigim nach mór dom faisnéis a sholáthar don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar faisnéis í a oireann don iarratas seo agus go bhféadfadh sé gurb é a leanfaidh as mainneachtain mionsonraí iomlána agus doiciméid iomchuí a sholáthar agus/nó mainneachtain an t-iarratas seo a shíniú ná go ndiúltófar don iarratas seo.

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san iarratas seo agus sna doiciméid a ghabhann leis iomlán, fíor agus cruinn.

Toilím go ndéanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre seiceáil maidir le cruinneas aon fhaisnéise atá tugtha san iarratas seo (lena n-áirítear seiceáil maidir le mo cháilíochtaí agus maidir le mo thaithí oibre roimhe seo), is é sin, le linn próiseáil a dhéanamh ar an iarratas seo agus ag aon tráth ar lena linn atá mé údaraithe mar thástálaí RFT.

Daingním leis seo go ndéanfaidh mé aon athruithe ar aon mhionsonraí atá ann san iarratas seo a chur in iúl don Údarás laistigh de chúig lá oibre ón tráth a ndéantar na hathruithe sin.

Admhaím nach mór dom fógra a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcás ina ndéantar, nó ina ndearnadh, mé a chiontú in aon cheann de na cionta a shonraítear in Alt 12(1) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012.

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar rollú ar chúrsa oiliúna tosaigh tástála RFT a bhaineann le m'iarratas. Glacaim leis nach ionann tíolacadh an iarratais seo agus ráthaíocht i leith rollú ar chúrsa oiliúna tástálaí RFT.
Tuigim go bhféadfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fhaisnéis a thugtar san iarratas seo a sholáthar don soláthróir oiliúna ainmnithe i dtaca leis an gcúrsa oiliúna.

Ainm (bloclitreacha)	
Síniú	
Dáta	

CUID B: AINMNIÚCHÁN MAIDIR LE hOILIÚINT TÁSTÁLAÍ RFT

(le comhlánú ag an oibritheoir údaraithe tástála RFT atá ag ainmniú an iarratasóra i ndáil le háit ar chúrsa oiliúna tástálaí RFT nó thar ceann an oibritheora sin)

B1. Ionad Tástála RFT

Ainm an Ionaid Tástála RFT ina bhfuil, nó ina mbeidh, an t-iarratasóir fostaithe	
Seoladh an Ionaid Tástála RFT	

B2. An duine a bhfuil an t-ainmniúchán á dhéanamh aige/aici

Ainm	
Uimhir theileafóin	
An post a shealbhaítear san Ionad Tástála RFT (mar shampla, úinéir/stiúrthóir/rúnaí cuideachta/comhpháirtí/comhalta den choiste bainistíochta)	

B3. An t-iarratasóir atá á ainmniú

Ainm an iarratasóra	

An bhfuil an duine seo ar fostú faoi láthair mar mheicneoir ag an Ionad Tástála RFT?	☐ **Tá**	☐ **Níl**
An bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha agus an taithí riachtanach ag an duine seo (mar atá leagtha amach i Ranna A2 agus A3 den Fhoirm Iarratais seo)?	☐ **Tá**	☐ **Níl**

Ainm (bloclitreacha)	
Síniú Thar ceann an Ionaid Tástála RFT a ainmnítear thuas	
Dáta	

AGUISÍN A: FÓGRA FAOI CHIONTÚ
mar gheall ar chion a shonraítear in Alt 12(1) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012

Faoi Alt 12 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012, tá sé d'oibleagáid ar iarratasóirí ar údarú fógra i scríbhinn a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcás ina bhfuil ciontú faighte aige nó aici sa Stát nó in aon dlínse eile mar gheall ar na cionta seo a leanas:

(a) Dúnmharú

(b) Dúnorgain

(c) Cion gáinneála ar dhrugaí (de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil 1994)

(d) Cion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997

(e) Cion faoi alt 2 den Acht um Imircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000

(f) Cion gnéasach (de réir bhrí alt 3 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001)

(g) Cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001

(h) Cion faon Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008

(i) Cion a bhaineann le sciúradh airgid faoi Chuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010

(j) Cion faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009

(k) Cion faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012

(l) Cion a bhaineann le feiste cúblála tacagraif a fheistiú nó le deimhniú calabraithe tacagraif a úsáid go míchuí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Dálaí Oibre agus Sábháilteacht ar Bhóithre) 2008 (I.R. 62 de 2008)

(m) Cion arb éard é iarracht nó comhcheilg aon chion a luaitear i míreanna (a) go (l) a dhéanamh nó cabhrú nó neartú lena dhéanamh, nó comhairliú, sireadh, cur faoi deara nó gríosú é a dhéanamh

(n) Cion faoi dhlí dlínse eile a chomhfhreagraíonn do chion a luaitear i míreanna (a) go (m), i gcás gur cion dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna sin an t-iompar arb é an cion é faoi dhlí na dlínse eile sin dá ndéanfaí sa Stát é

I gcás sealbhóir údaraithe, is ceart an fógra sin a thabhairt laistigh de 28 lá ó dheireadh na tréimhse ama a cheadaítear chun achomharc a dhéanamh in aghaidh ciontú den sórt sin nó ó chinneadh nó ó tharraingt siar an achomhairc in aghaidh an chiontaithe sin.

Tá sé an-tábhachtach go dtabharfar an fógra de réir fhorálacha an Achta.

Faoi Alt 12 den Acht, is cion é do dhuine gan faisnéis a fhógairt i ndáil le ciontuithe mar gheall ar na cionta sonraithe nó is cion é do dhuine faisnéis a thabhairt agus a fhios aige nó aici an fhaisnéis sin a bheith bréagach nó míthreorach. Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Alt 12, dlífear fíneáil Aicme A (€5,000) nó príosúnacht ar feadh sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi ar chiontú achomair nó dlífear fíneáil suas go €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi ar chiontú ar díotáil.

De bhreis ar na pionóis choiriúla féideartha atá luaite thuas, i gcás nach ndéanfaidh iarratasóir fógra riachtanach a thabhairt de réir Alt 12(1), féadfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinneadh nach duine cuí oiriúnach é nó í an t-iarratasóir chun údarú a shealbhú agus, dá dhroim sin, féadfaidh sé diúltú don iarratas ar údarú agus aon údarú láithreach atá ag an iarratasóir a fhionraí nó a chúlghairm.

Ní mór d'iarratasóir a ciontaíodh i gcion sonraithe Foirm Fógartha Ciontaithe a chomhlánú agus a shíniú maidir le gach ciontú den sórt sin. Má tá níos mó ná ciontú amháin le fógairt, ní mór Foirm Fógartha Ciontaithe ar leithligh a thíolacadh maidir le gach ciontú ar leith.

Ní mór an Fhógairt a dhéanamh tráth déanta an iarratais ar údarú.

FOIRM FÓGARTHA CIONTAITHE

Ainm iomlán an duine a ciontaíodh	
Seoladh	
Uimhir theileafóin baile	
Uimhir fóin póca	
Ríomhphost	
Dáta breithe	
Uimhir PPS	
Uimhir údaraithe oibritheora tástála RFT (más iomchuí)	
Uimhir údaraithe tástálaí RFT (más iomchuí)	
Post, más iomchuí (mar shampla, comhpháirtí, stiúrthóir, rúnaí)	
Dáta an chiona	

Cé acu de na cionta (a) go (n) atá sonraithe in Alt 12(1) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012 (atá liostaithe in Aguisín A) ar ciontaíodh ina leith thú?	

Cén áit a ndearnadh an cion?	Éire ☐	Sonraigh an contae:
	Tír eile ☐	Sonraigh an tír:

An ndearnadh an cion i gcúrsa gnó, nó i dtaca le gnó, a bhaineann le tástáil, iniúchadh, cothabháil nó deisiú feithiclí?	Rinneadh ☐ Ní dhearnadh ☐
Más é 'Rinneadh' an freagra, tabhair mionsonraí le do thoil:	

FOIRM FÓGARTHA CIONTAITHE, ar leanúint

Dáta an chiontaithe	
Mionsonraí faoin gCúirt inar ciontaíodh thú (lena n-áirítear mionsonraí faoin seoladh)	
Mionsonraí faoi aon phianbhreith a forchuireadh	
Mionsonraí faoi aon fhíneáil a forchuireadh de bhun an chiontaithe	
Mionsonraí faoi aon dícháilíú nó forghéilleadh a forchuireadh de bhun an chiontaithe	

An bhfuil an ciontú seo i measc líon áirithe ciontuithe mar gheall ar an gcion céanna nó ar na cionta céanna?	Tá ☐ Níl ☐
Más é 'Tá' an freagra, tabhair mionsonraí le do thoil:	

Síniú

Síniú	
Dáta an tsínithe	

Más gá, tabhair cóipeanna breise den Fhoirm Fógartha Ciontaithe seo. **Leathanach breise uimh.** ☐